



**Comhad Idirinstiúideach:
2023/0173(NLE)**

**SOC 620
EMPL 442
ECOFIN 898
EDUC 360**

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9855/23 - COM(2023) 599 final
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta sna Ballstáit - Glacadh

I. RÉAMHRÁ

An 24 Bealtaine 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta sna mBallstáit, bunaithe ar Airteagal 148(2) CFAE.¹

In 2023, rinneadh na treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát – atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2022/2296 ón gComhairle – a choinneáil². Rinneadh na haithrisí a choigeartú chun príomhspríocanna nua an Aontais mar aon le spríocanna nua náisiúnta maidir le poist, scileanna agus laghdú na bochtaineachta agus tionscnaimh a rinneadh le déanaí a léiriú.

¹ Glacadh na treoirlínte fostaíochta den chéad uair le chéile mar phacáiste comhtháite in 2010 in éineacht leis na mór-threoirlínte eacnamaíocha, atá mar bhonn taca don Straitéis Eoraip 2020.

² 9855/23

II. STOID NA hIMEARTHA

Tharchuir an Coiste Fostaíochta (EMCO) a Thuairim³ maidir leis na treoirlínte fostaíochta chuig an gComhairle, lena n-áirítear rannchuidiú an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) maidir le gnéithe sóisialta na dtreoirlínte agus d'aontaigh sé leis an togra ón gCoimisiún.

Rinne an Chomhairle Eorpach, ag an gcrúinniú a bhí aici an 29-30 Meitheamh 2023, staid na fostaíochta san Aontas a mheas agus ghlac sí conclúidí maidir leis sin.

Ghlac Parlaimint na hEorpa a Tuairim ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 13 Meán Fómhair 2023 agus d'fhormheas sí an togra ón gCoimisiún.

Chinn Coiste na Réigiún gan aon tuairim a thabhairt uaidh maidir leis an togra seo⁴. Glacadh an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 21 Meán Fómhair 2023.

Tá na tuairimí uile is gá ag an gComhairle anois chun scrúdú a dhéanamh ar na treoirlínte fostaíochta do 2023.

Ag an gcrúinniú a bhí aici an 14 Meán Fómhair 2023, scrúdaigh an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an togra agus chomhaontaigh sí leis gan aon athrú a dhéanamh air.

Tá toradh na n-imeachtaí ón gcrúinniú seo ina bhfuil an téacs a comhaontaíodh san Iarscríbhinn le fáil in 13266/23. Is ionann an téacs sin agus an togra ón gCoimisiún (9855/23).

³ Litir ó Chathaoirleach EMCO an 11 Iúil 2023.

⁴ Litir ó Choiste na Réigiún an 19 Iúil 2023.

III. CONCLÚID

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe scrúdú a dhéanamh ar an bpacáiste iomlán tuairimí agus a mholadh don Chomhairle (EPSCO) an Cinneadh ón gComhairle maidir leis na treoirlínte fostaíochta atá in 13266/23, arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, a ghlacadh ag an seisiún a bheidh aici an 9 Deireadh Fómhair 2023.

Beidh an leagan deiridh den téacs don Chinneadh ón gComhairle maidir leis na treoirlínte fostaíochta réidh an 28 Meán Fómhair (12998/23), tar éis an t-athbhreithniú dlítheangeolaíoch a thabhairt chun críche.
